Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**7617/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0228(COD)**

**CODEC 512**
**AGRI 206**
**AGRILEG 63**
**SEMENCES 6**
**PHYTOSAN 16**
**FORETS 41**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 agus Rialachán 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/105/CE ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 5 Iúil 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 13 Nollaig 2023[2].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 24 Aibreán 2024[3].

---

[1] 11503/23 + ADD 1.
[2] IO C, C/2024/1583, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1583/oj.
[3] 10951/24.

4. An 19 Nollaig 2025, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an Rialachán thuasluaite[4], tar éis plé neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

5. An 2 Márta 2026, dhearbhaigh an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (AGRI) i bParlaimint na hEorpa an comhaontú sealadach. Ina dhiaidh sin, chuir Cathaoirleach an Choiste litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á rá gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air[5].

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an seasamh uaithi ar an gcéad léamh a leagtar amach in 17102/25 agus an ráiteas ar chúiseanna a leagtar amach in 17102/25 ADD 1 a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ghearmáin, an Ostair agus an tSlóvaic ag vótáil ina choinne agus an tSlóivéin ag staonadh ón vótáil.

7. Tá na ráitis, atá le cur i miontuairiscí na Comhairle, leagtha amach san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

---

[4] 16169/25.
[5] 7031/26.